

Cuntas Leithreasa 2015

Vóta 8

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 le haghaidh thurastail agus speansais Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €655,040 a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ina theannta sin, glacadh leis an mbeartas cuntasaíochta seo a leanas maidir le hobair-idir-lámha.

Is é atá i gceist le hobair-idir-lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair iniúchta a chuirtear i gcrích ag deireadh na bliana sna cásanna sin nár tuairiscíodh tuairim iniúchta.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Oifigeach Cuntasaíochta. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbheithniú a leanann ar aghaidh.

Aistríodh feidhm na n-acmhainní daonna chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) ar 27 Iúil 2015.

Soláthraítear feidhm na n-acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí roinnte ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Oifigeach Cuntasaíochta Vóta 18 freisin, agus tá an duine sin freagrach as feidmiú na rialuithe laistigh de Lárionaid na Seirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte chun ráthaíocht neamhspleách a sholáthar faoi fheidhmiú na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Tá na hiniúchtaí á gcur i gcrích ag comhlacht cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Lontaofachta (ISAE 3402), atá deartha le go gcuirfidís tuairisc faoi bhráid rannóg úsáideora agus faoi bhráid a gcuid iniúcháirí faoi na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte.

Cuimsíonn an t-iniúchadh (i) measúnú ullmhachta chun rioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus chun anailís bhearna a sholáthar, agus ina dhiaidh sin (ii) tuairisc faoi dhearadh agus faoi láithreach na rialuithe, agus (iii) tuarascáil bhliantúil faoin gceist ar fheidhmigh na rialuithe go héifeachtach nó nár fheidhmigh.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte litir ar fáil dom a thugann breac-chuntas ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm an phróisis ráthaíochta iniúchta agus táthar ag súil leis go gcuirfear tuairisc faoi mo bhráid faoi thorthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, ar láithreach agus ar fheidhmiú na rialuithe faoi mar a leagtar amach sa Litir sin.

Bainim ráthaíocht ón gcóras rialaithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte faoi mar a thuiriscítear dom ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte.

Riosca suntasach airgeadais

Gearrtar táillí iniúchta ar iniúchtaí áirithe airgeadais de réir Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí seo agus cuireadh roinnt gnáthamh i bhfeidhm le cinntiú go n-aisghabhhtar costais le haghaidh iniúchtaí ábhartha. Áirítear ar na bearta seo

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn lena ngearrtar táillí, athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama san áireamh
- córais a thaifeadann costais iniúchta, dul chun cinn iniúchta agus faisnéis bhilleála
- monatóireacht fhaisnéise airgeadais, lena n-áirítear costais iniúchta agus aisghabháil táillí.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socrúithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Oifig go ndírítear go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte, seachas I gcás amháin conradh ar luach €35,000 a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002. Ós rud é go bhfuil an Oifig seo chun áitreabh a fhágáil i 2015, shín sí amach an conradh le haghaidh seirbhísí glantacháin ag an ráta reatha do thréimhse 19 mí nó go dtí go bhfágann an Oifig an t-áitreabh reatha. Sular síneadh amach an conradh nochtaigh seiceáil phraghsanna go raibh an praghas iomaíoch agus go raibh luach airgid i gceist leis. Tionólfar comórtas nua tairisceana do sheirbhísí glantacháin roimh an aistriú go háitreabh nua i 2015.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an feidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Gnólacht phríobháideach a chomhlíonann feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí agus pearsanra atá oilte go cuí á úsáid acu.

Andrew Harkness

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Márta 2016

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Rinneadh iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 8, Oifig an Ard-Aighne Cuntas agus Ciste ar mo shonsa ag Tommy Doherty ó Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe faoi Alt 13 den Acht um Ard-Aighne Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir beartas agus prionsabal caighdeánach cuntasaíochta do chuntais leithreasa. Is cuid den chuntas iad na beartais agus na nótaí cuntasaíochta.

Bunaithe ar a iniúchadh agus ar a thuairisc, i mo thuairimse, cuireann an cuntas leithreasa i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 8, Oifig an Ard-Aighne Cuntas agus Ciste don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

15 Meitheamh 2016

Tuairim don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir Alt 13 D'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Mar an t-iniúcháir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá Cuntas Leithghabhála Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 iniúchta agam.

Is don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuarascáil seo, de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tugadh faoi mo chuid oibre iniúcháireachta sa chaoi is gur féidir liom a chur in iúl don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na cúrsaí sin a cheanglaítear orm a chur in iúl dó i ndeimhniú mo thuairime agus ní chun críocha ar bith eile. Lánoiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaim le ná ní ghabhaim orm freagracht as an obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá déanta agam, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Iniúcháir faoi seach

Faoi Alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*, bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gCuntas Leithghabhála a ullmhú. Bíonn sé freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbheart sa Chuntas Leithghabhála.

Is é m'fhreagracht an Cuntas Leithghabhála a iniúchadh de réir ceanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím daoibh mo thuairim maidir leis an gceist an léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus íocaíochtaí an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015. Tuairiscím duit freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chúí coinnithe ag an Oifig. Lena chois sin, luaim cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta agus cibé an dtagann Cuntas Leithghabhála na hOifige leis na taifid chuntasaíochta.

An Bunús atá le mo Thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gCuntas Leithghabhála Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta agus Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sa Chuntas Leithghabhála, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtaifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nó nár cloíodh.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na Cuntais Leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna Cuntais Leithghabhála san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go gcuirtear fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 i láthair go cuí i gCuntas Leithghabhála an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon ní ann ar gá dom tuairisciú ina dtaobh, de bhun Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach chun críoche m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta chuí ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá an Cuntas Leithghabhála ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tommy Doherty

I gcomhair agus thar ceann Mazars
Chartered Accountants and Registered Auditors
Harcourt Centre
Block 3
Harcourt Road
Dublin 2.

14 Meitheamh 2016

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Cuntas Leithreasa 2015

		2015		2014
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas Cláir				
A	Iniúchadh agus Tuairisciú	12,557	12,141	11,045
Olliomlán		12,557	12,141	11,045
<i>Bain de :</i>				
B	Leithreasaí-i-gcabhair	5,875	6,124	5,801
Glaniomlán		6,682	6,017	5,244

Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

	2015	2014
	€	€
Farasbarr le tabhairt suas	665,040	677,695

Anailís an chaiteachais riaracháin

		2015		2014
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	10,328	9,869	9,182
ii	Taisteal agus cothú	546	452	415
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	328	378	297
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	111	100
v	Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha	443	591	410
vi	Costais áitreabh oifige	217	245	199
vii	Seirbhísí comhairleoireachta	350	36	2
viii	Táillí dlí	45	43	33
ix	Seirbhísí iniúchta conartha	200	416	407
		12,557	12,141	11,045

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

	2015	2014
	€000	€000
Pá	9,869	9,182
Caiteachas eile	2,272	1,863
Ollchaiteachas	12,141	11,045
<i>Bain de</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair (nóta 4)	6,124	5,801
Glanchaiteachas	6,017	5,244
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil		
Ceannacháin	(325)	
Dímheas	360	
Caillteanas ag eascairt as athlonnú (nóta 2.2)	62	
	97	(8)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhráithe deiridh	(418)	
Méadú ar stoc	1	
	(417)	(161)
Caiteachas díreach	5,697	5,075
Méadú luacha in obair idir lámha	478	(8)
Caiteachas tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	2,528	2,566
Measchíosanna	244	244
Costas glan clár	8,947	7,877

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 8 a iompraíodh in áiteanna eile.

	2015	2014
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	—
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	1,368	1,377
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	615	693
Cuntas An Lárchiste	515	496
	2,528	2,566

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

	Nóta	2015 €000	2014 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	2,156	400
Obair idir lámha	2.3	464	942
		2,620	1,342
Sócmhainní reatha			
Stoic		15	16
Speansais Réamhíoctha		107	97
Féichiúnaithe maidir le Taillí Iniúchóireachta		1,441	170
Ioncam fabhráithe ó tháillí iniúchóireachta	2.5	503	1,320
Iarmhéideanna eile dochair	2.6	116	294
Net Exchequer funding due	2.8	1,527	(35)
lomlán na sócmhainní reatha		3,709	1,862
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.4	1,183	(76)
Costais fhabhráithe		76	30
Iarmhéideanna eile sochair	2.7	460	335
lomlán na ndliteanas reatha		1,719	289
Glansócmhainní reatha		1,990	1,573
Glansócmhainní		4,610	2,915
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit	2.1	4,610	2,915

2.1 Cuntas Maoiniú Stáit	Nóta	2015 €000	2014 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		2,915	2,738
Eisíocaíochtaí as an vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	6,682	
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(665)	
Vóta glan		6,017	5,244
Costais fheistithe agus troscáin curtha ar fáil ag OOP.		1,853	—
Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile	1	2,528	2,566
Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna	1	244	244
Costas glan clár	1	(8,947)	(7,877)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		4,610	2,915

2.2 Ráiteas faoi Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015	2,017	363	2,380
Breiseanna	274	1,904	2,178
Díúscairtí	(139)	(346)	(485)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015	2,152	1,921	4,073
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015	1,690	290	1,980
Dímheas don bhliain	168	192	360
Dímheas ar dhiúscairtí	(139)	(284)	(423)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2015	1,719	198	1,917
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015	433	1,723	2,156
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014	327	73	400

Bhí an Oifig Ionannithe in dhá áitreabh ag Caisleán Bhaile Átha Cliath agus ag Sráid Fhearchair. Chuaigh an léas ar áitreabh Shráid Fhearchair in éag i 2015 agus shocraigh OOP gan athnuachan an léasa a lorg. De réir na cuspóra straitéisí de bheith ag lonnú foirne i láithreán amháin, sholáthair OOP léas ar áitreabh i Sráid an Mhéara Uachtarach agus cuireadh tús leis an áitiocht i Mí Mheán Fómhair 2015. Eascraíonn an cailteanas ón athlonnú ó dhíscríobh sócmhainní nárbh fhéidir iad a úsáid san áitreabh nua nó a bhí as feidhm agus á n-athsholáthar ag teastáil. Léiríonn sé freisin leasú ar luachanna stairiúla chun ailíniú le clár na sócmhainní seasta. Cuimsíonn na figiúirí breise costais fheistithe ar luach €1.566 m agus troscán ar luach €0.287m, a soláthraíodh ag OOP. Measadh costais an troscáin bunaithe ar liostaí praghsanna caighdeánacha OOP.

2.3 Obair idir Lámha

Sannann obair-idir-lámha luach don obair iniúchta mar a ndéantar táille a ghearradh ach mar nár críochnaíodh an t-iniúchadh fós. Áirítear luach na hoibre-idir-lámha mar chéatadán den táille iniúchta comhaontaithe, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana, mar seo a leanas:

Stádas an Iniúchta	Céatadán den táille iniúcháireacht a arna áireamh in obair idir lámha	2015 €000	2014 €000
Imréitithe chun deimhnithe	90%	89	316
Ag staid athbhreithniú an iniúchta	75%	122	318
Obair allamuigh tugtha chun críche	60%	47	161
Iniúchadh deiridh ar siúl	30%	22	25
Iniúchadh eatramhach tugtha chun críche	15%	47	50
Iniúchadh eatramhach ar siúl	10%	137	72
		464	942

2.4 Banc agus Airgead Tirim	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
larmhéid ag an bPámháistir Ginearálta	(1,228)	57
Cuntas bhainc thráchtála	45	19
	<u>(1,183)</u>	<u>76</u>

2.5 Ioncam Fabhraithe ó Tháillí Iniúcháireachta

Léirítear leis an ioncam fabhraithe ó tháillí iniúcháireachta obair iniúcháireachta atá curtha i gcrích ach nach raibh sonrasc lena haghaidh réitithe ag deireadh na bliana.

2.6 Iarmhéideanna eile dochair	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
Scéim chaiteachais taistil infhorchúitithe agus phas taistil	79	65
Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionóntaí	35	39
Fionraí tuarastal ilghnéitheacha	2	190
	<u>116</u>	<u>294</u>

2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000

Suim atá dlíte don Stát

Cáin Ioncaim	151	110
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	103	70
Tobhach ar Ioncam	50	37
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	32	38
Cáin Bhreisluacha	17	13
Ranníocaíochtaí Pinsean	62	24
An Cháin Mhaoine Áitiúil	1	1
	<u>416</u>	<u>293</u>
Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí	40	38
Asbhaint phárolla Bóthar Haddington	4	4
	<u>460</u>	<u>335</u>

2.8 Glandliteanas don Stáchtiste	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas	665	678
Deontas ón Stáchtiste nár tarraingíodh	(2,192)	(643)
Glandliteanas don Stáchtiste	<u>(1,527)</u>	<u>35</u>

Arna léiriú le:**Féichiúnaithe**

larmhéideanna dochair: ar fionraí	116	294
	<u>116</u>	<u>294</u>

Creidiúnaithe

Banc agus airgead tirim	(1,183)	76
Dlite don Stát	(416)	(293)
larmhéideanna sochair: ar fionraí	(44)	(42)
	<u>(1,643)</u>	<u>(259)</u>
	<u>(1,527)</u>	<u>35</u>

2.9 Ceangaltais

	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
lomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe de réir dlí	18	77

3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

		2015		2014
		Suim	Toradh	Toradh
		soláthraithe sa mheastachán		
		€000	€000	€000
A	Iniúchadh agus tuairisciú			
A.1	Riarachán - pá	10,328	9,869	9,182
A.2	Riarachán - caiteachas eile	2,229	2,272	1,863
		<u>12,557</u>	<u>12,141</u>	<u>11,045</u>

Athruithe suntasacha

Ba ionann an choigilt iomlán ar chaiteachas sa bhliain agus €416,000. Ba iad seo a leanas na príomhréimsí inar ndearnadh coigiltí.

Tuarastail, pá agus liúntais

Bhí gannchaiteachas le sonrú de €459,000 a eascraíonn go príomhá cionn is go dtosaíonn foireann athsholáthair iniúchta le tuarastal níos ísle.

Taisteal agus cothabháil

Tharla tearc-chaitheamh de €94,000 ar thaisteal oifigiúil ar tugadh faoi, go príomha mar gheall ar iniúchtaí eatramhacha nach ndeachaigh ar aghaidh go dtí an leibhéal a rabhthas ag coinne leis.

Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF

Maoiníodh caiteachas breise de €148,000 ar threalamh nua a d'eascair mar gheall ar athlonnú na hOifige ó choigilteas ar fho-cheannteideal (vii) – seirbhísí Sainchomhairleoireachta. Ceadaíodh an próiseas aistriú airgeadais seo, a dtugtar 'virement' air i mBéarla, ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Seirbhísí Sainchomhairleoireachta

Tá úsáid na sainchomhairleoirí seachtracha ag brath ar nádúr na scrúduithe faoi mar a chinntear iad ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Níor éiligh nádúr na scrúduithe a cuireadh i gcrích i 2015 méid suntasach saineolais sheachtraigh.

Seirbhís Iniúchta Chonartha

Maoiníodh caiteachas breise ar fho-cheannteideal (ix) Seirbhísí Iniúchta Chonartha ar luach €216,000 chun deimhniú tráthúil na gcuntas a éascú ó choigilteas ar fho-cheannteideal (i) Tuarastail, pá agus liúntais. Ceadaíodh an t-aistriú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2015		2014
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1 Fáltas ó tháillí	5,275	5,589	5,269
2 Fáltais ón asbhaint ar luach saothair lucht na seirbhíse poiblí maidir le pinsin	600	535	532
	5,875	6,124	5,801

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2015	2014
Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimsire)	139	146

	2015	2014
	€000	€000
Pá	9,130	8,505
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	58	30
Ragobair	—	—
ÁSPC an Fhostóra	681	647
Pá iomlán	9,869	9,182

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	
			2015 €	2014 €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	13	—	9,948	10,913
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	3	—	295	401

Ní bhfuair ball foirne ar bith eile íocaíochtaí breise i níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Luach Saothair an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amach as Lárchiste an Státhchiste, faoi mar a ndéantar soláthar dó in alt 14 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ba é an muirear ar an Lárchiste i 2015 maidir le tuarastal an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste ná €182,500 (2014: €175,742). Faoi mar a ndearnadh foráil dó in Alt 33 den Bhunreacht, ní féidir leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste aon oifig ná post le luach saothair eile a bheith aige/aici.

5.3 Luach tuarastal an Oifigh Cuntasaíochta

Ba é an muirear don Vóta i 2015 maidir le luach tuarastail an Oifigh Cuntasaíochta ná €135,809 (2014: €130,799).

5.4 Liúntais do ghníomhú ag leibhéal níos airde

Fuair beirt bhall den fhoireann liúntais as glacadh le ról a mbaineann gráid níos airde leo. Ba é an costas iomlán ná €37,558 (2014: €8,296).

5.5 Ró-íocaíochtaí Pá

Níorbh ann d'aon ró-íocaíochtaí i 2015 (2014: NIL).

6 Ilnéitheach

Ba é luach iomlán chostais an Choiste Iniúchta ná €1,773 i 2015 (€2,055 i 2014).